AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.6.2025
COM(2025) 278 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann le

Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an athbhreithniú ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair

IARSCRÍBHINN 1

TREORACHA MAIDIR LE COMHAONTÚ IDIRNÁISIÚNTA A CHAIBIDLIÚ

MAIDIR LEIS AN ATHBHREITHNIÚ AR AN GCONRADH LENA MBUNAÍTEAR AN COMHPHOBAL IOMPAIR

1. RAON FEIDHME AN CHOMHAONTAITHE ATÁ BEARTAITHE

Leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, forbairt an ghréasáin iompair idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Macadóine Thuaidh, an Chosaiv[*], Montainéagró agus Poblacht na Seirbia (dá ngairtear Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa anseo feasta), déantar an fhorbairt sin a chur chun cinn i réimse an iompair de bhóthar, an iompair d'iarnród, an iompair d'uiscebhealaí intíre agus an mhuiriompair, agus tá sé bunaithe ar mhargaí iompair Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa a chomhtháthú de réir a chéile i margadh iompair an Aontais ar bhonn fhorálacha ábhartha *acquis* an Aontais. Is é cuspóir ginearálta na leasuithe atá beartaithe tacú le hailíniú reachtach Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa agus an t-ailíniú sin a neartú, agus gnéithe oibríochtúla áirithe a sainaithníodh le linn a chur i bhfeidhm a fheabhsú agus a shoiléiriú freisin.

Leis na leasuithe sin, ba cheart ballraíocht iomlán na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a chumasú freisin. Thairis sin, chun a lánpháirtiú iomlán sa Chonradh um an gComhphobal Iompair a áirithiú, ba cheart don Choimisiún iarscríbhinní a chaibidliú maidir le socruithe idirthréimhseacha, dá dtagraítear in Airteagal 40 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, ar iarscríbhinní iad a bheidh infheidhme maidir leis an dá thír sin tráth a n-aontachais.

2. CUSPÓIRÍ CAIBIDLÍOCHTA

Le linn na caibidlíochta ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gCoimisiún na cuspóirí a leagtar amach thíos go mionsonraithe a chur i gcrích.

(1) Ba cheart é a bheith mar chuspóir ginearálta ag na leasuithe tacú le hailíniú reachtach na bpáirtithe conarthacha uile le *acquis* ábhartha an Aontais agus an t-ailíniú sin a neartú, i bhfianaise a ndearcthaí Eorpacha faoi seach, agus borradh a chur faoi chomhtháthú a margaí iompair i margadh iompair an Aontais de réir a chéile.

(2) Leis na leasuithe sin, ba cheart ballraíocht iomlán rannpháirtithe breathnóireachta na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a chumasú freisin. Thairis sin, chun a lánpháirtiú iomlán sa Chonradh um an gComhphobal Iompair a áirithiú, ba cheart don Choimisiún iarscríbhinní a chaibidliú maidir le socruithe idirthréimhseacha, dá dtagraítear in Airteagal 40 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, ar iarscríbhinní iad a bheidh infheidhme maidir leis an dá thír sin tráth a n-aontachais. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar na héilimh a d'fhéadfadh a bheith ann ón Úcráin agus ó Phoblacht na Moldóive maidir le substaint an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

[*] Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244 (1999) agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

(3) I ndáil leis sin, d'fhéadfadh athbhreithniú ar na forálacha lena dtagraítear go sonrach do na Balcáin Thiar a bheith sna leasuithe freisin, ionas go ndéanfar tagairt sna forálacha sin freisin, i gcás inarb ábhartha, do na tíortha thuasluaite, chomh maith le hathbhreithniú ar an bhfoirmle bhuiséadach maidir le comhroinnt ualaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gConradh chun líon méadaithe na bpáirtithe conarthacha a chur san áireamh agus chun dáileadh cothrom leanúnach na ranníocaíochtaí a áirithiú.

(4) Ba cheart na gnéithe breise seo a leanas a bheith sna leasuithe arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoin ailíniú reachtach:

(a) na gealltanais cheangailteacha maidir le hailíniú *acquis* atá sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a threisiú trí fhoráil a dhéanamh maidir le smachtbhannaí (amhail cearta vótála a chur ar fionraí) i gcás sáruithe tromchúiseacha nó leanúnacha;

(b) pleananna gníomhaíochta an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo maidir le tacú le hailíniú reachtach a aithint agus a institiúidiú;

(c) ról na Buanrúnaíochta a neartú agus a dhíriú níos mó faoi Airteagal 28 chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do pheirspictíochtaí Eorpacha Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa; agus

(d) na rialacha maidir le teorainneacha ama a shoiléiriú agus a fhorbairt chun forálacha ábhartha na reachtaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a dhéanamh ceangailteach ar Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa, go háirithe a mhéid a bhaineann le hAirteagal 3(2)(b).

(5) Leis na leasuithe sin, ba cheart a áirithiú go dtabharfar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair cothrom le dáta, go háirithe chun *acquis* an Aontais roimh shíniú an Chonartha a chur leis agus chun forbairtí beartais ábhartha a chur san áireamh. Más iomchuí, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin reachtaíocht nua i réimse an iompair nó i réimsí gaolmhara a luaitear san Iarscríbhinn sin.

(6) Leis na leasuithe, ba cheart forálacha Airteagail 8 agus 9 a bhaineann le forbairt leathnú táscach an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair (TEN-T) chuig Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa agus an plean oibre rollach 5 bliana comhfhreagrach, a thabhairt cothrom le dáta, i gcás inar gá, chun forbairtí beartais i gcreat reachtach TEN-T a chur san áireamh.

(7) Leis na leasuithe, ba cheart a áirithiú go mbeidh bealach níos éasca ann chun dul i gcomhairle le saineolaithe ó Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa maidir leis na hoibleagáidí a leagtar amach faoi láthair i bpointe 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

(8) Ba cheart na leasuithe a bheith ag teacht leis na comhaontuithe ar thángthas orthu cheana maidir le hainmníocht oifigiúil Phoblacht na Macadóine Thuaidh.

(9) Ba cheart don Choimisiún féachaint freisin ar an ngá atá leis na prótacail dhéthaobhacha atá ann faoi láthair a oiriúnú i gcás inarb ábhartha, mar shampla maidir le cás sonrach na bpáirtithe talamhiata agus na forálacha atá ann faoi láthair maidir le hiompar muirí.

(10) Leis na leasuithe, ba cheart breathnú arís ar na rialacha maidir le cur i bhfeidhm chásdlí na Cúirte Breithiúnais, go háirithe chun cásdlí a tugadh tar éis dháta sínithe an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a chumhdach freisin.

(11) D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis na leasuithe freisin mion-shaincheisteanna teicniúla nach gcomhchuimsítear in aon cheann de na treoracha caibidlíochta roimhe seo (e.g. earráidí cló atá ann cheana, tagairtí áirithe míchearta nó as dáta).

3. AN CHAIBIDLÍOCHT A DHÉANAMH

Déanfaidh an Coimisiún an chaibidlíocht de bhun na dtreoracha sin agus áiritheoidh sé go ndéanfar comhordú cuí leis an gcaibidlíocht atá ar siúl agus a dhéanfar amach anseo i réimsí ábhartha eile.

IARSCRÍBHINN 2

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann 3

1.3. Cuspóirí 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: 4

1.5. Forais an togra/tionscnaimh 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige 5

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme 5

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA 7

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe 7

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe 7

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe 7

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú 7

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí

gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) 7
2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc 8
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH 9
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar 9
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe 10
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 10
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 10
3.2.2. An t-aschur a mheastar a cistíodh ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 11
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin 13
3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 13
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach 13
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar 13
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha 13
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha 13
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe 13
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam 13
4. GNÉITHE DIGITEACHA 14
4.1. Ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach 14

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Moladh ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an athbhreithniú ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Iompar

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is aidhm don tionscnamh atá beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, mar a shainordaítear le hAirteagal 42 den Chonradh. Foráiltear leis an airteagal sin go bhfuil athbhreithniú le déanamh air arna iarraidh sin ag aon pháirtí conarthach agus, i gcás ar bith, 5 bliana tar éis a theacht i bhfeidhm. Ina theannta sin, ba cheart go gcumasófar ballraíocht iomlán na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair freisin.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir Sonrach Uimh. 1

Tacú le hailíniú reachtach sé chomhpháirtí na mBalcán Thiar (Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Macadóine Thuaidh, an Chosaiv[*], Montainéagró agus Poblacht na Seirbia — dá ngairtear Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa anseo feasta) le *acquis* ábhartha an Aontais, agus an t-ailíniú sin a neartú, i bhfianaise a ndearcthaí Eorpacha faoi seach, agus gnéithe áirithe eile d'fheidhmiú an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a fheabhsú.

Cuspóir Sonrach Uimh. 2

Faoi réir chomhaontú na bpáirtithe ábhartha, ba cheart go gcumasófar leis an athbhreithniú ballraíocht iomlán na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair freisin.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Cé gurb é is cuspóir don athbhreithniú ar an gConradh tacú le hailíniú reachtach Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa agus na dTrí Thír agus an t-ailíniú sin a neartú, is leasuithe de chineál teicniúil iad na leasuithe atá beartaithe agus ní mhodhnaíonn siad raon feidhme ná cuspóir bunaidh an Chonartha. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar dearfach eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil ar dhaoine agus ar ghnólachtaí san Aontas agus sna tíortha lena mbaineann, áfach, ach an cuspóir bunaidh sin a bhaint amach agus ailíniú reachtach a áirithiú in earnáil an iompair, lena n-áirítear don Úcráin agus do Phoblacht na Moldóive.

[*] Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244 (1999) agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Déanfar meastóireacht ar éifeachtacht an Chinnidh atá beartaithe trí bhreithniú a dhéanamh ar mhéid na tacaíochta spriocdhírithe a sholáthraíonn Buanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair do Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa le haghaidh Chuspóir Sonrach Uimh. 1 agus don Úcráin agus do Phoblacht na Moldóive le haghaidh Chuspóir Sonrach Uimh. 2. Leis an tacaíocht sin, ba cheart comhtháthú de réir a chéile mhargaí agus ghréasáin iompair Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa a chur chun cinn ar bhonn reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear i réimsí na gcaighdeán teicniúil, na hidir-inoibritheachta, na sábháilteachta, na slándála, an bhainistithe tráchta, na hiomaíochta, an bheartais shóisialta, an tsoláthair phoiblí agus an chomhshaoil. Leagtar amach an tacaíocht a sholáthraítear i dtuarascálacha oibríochtúla bliantúla arna n-ullmhú ag Buanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair. Tá na tuarascálacha sin le formhuiniú ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach, atá comhdhéanta d'ionadaí ó gach ceann de na Páirtithe Conarthacha sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[1]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☑ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Tá cuspóirí chaibidlíocht an Chonartha atá sa Mholadh seo faoi réir caibidlíochta le tríú tíortha. Dá bhrí sin, is é an cuspóir gearrthéarmach teacht ar chomhaontú maidir le leasuithe lena dtacaítear le Cuspóir Sonrach Uimh. 1, arb é is aidhm dó tacú leis an ailíniú reachtach atá ar siúl cheana féin agus é a neartú, agus maidir le Cuspóir Sonrach Uimh. 2, d'fhonn ballraíocht iomlán na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a bhaint amach.

San fhadtéarma, leis na leasuithe sin ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, ba cheart feabhas a chur ar éifeachtacht na tacaíochta a sholáthraítear leis an gConradh sin agus ailíniú reachtach Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa le *acquis* ábhartha an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear ailíniú reachtach na hÚcráine agus Phoblacht na Moldóive.

[1] Dá dtagraítear in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.

Is comhaontú idir an tAontas agus Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa é an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair. Dá bhrí sin, ba cheart baint a bheith ag an Aontas agus ag na Páirtithe sin le haon leasú ar an gcomhaontú.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Tá an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair i bhfeidhm ó 2019. Sa tréimhse sin, rinneadh obair chun na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach, mar atá margaí agus gréasáin iompair a chomhtháthú de réir a chéile laistigh de na Balcáin Thiar, agus idir na Balcáin Thiar agus an tAontas. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta maidir le hailíniú reachtach agus forbairt gréasán iompair, is féidir tarraingt ar roinnt ceachtanna a foghlaimíodh chun éifeachtacht an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a mhéadú. I measc na samplaí de sin tá an gá atá le forálacha ceangailteacha maidir leis na gealltanais atá sa Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair chomh maith le hamlínte soiléire chun iad a chur chun feidhme. Cuireadh na ceachtanna sin a foghlaimíodh san áireamh agus na treoracha caibidlíochta á bhforbairt le haghaidh an Mholta seo.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Fónann TCT do chomhtháthú de réir a chéile mhargaí agus ghréasáin iompair Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa le margaí agus gréasáin iompair an Aontais, rud a thacaíonn le cóineasú socheacnamaíoch níos fearr ar an mbealach i dtreo ballraíocht san Aontas. Dá bhrí sin, comhlánaíonn an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair cineálacha eile cúnaimh (atá beartaithe) a oibríonn chun an sprioc sin a bhaint amach ar bhealach níos leithne, amhail an Plean Fáis nua do na Balcáin Thiar[2], plean na hÚcráine[3], agus an togra ón gCoimisiún le haghaidh Phlean Fáis na Moldóive[4].

Mar thoradh ar an gcaibidlíocht maidir le méadú an Chonartha chun an Úcráin agus Poblacht na Moldóive a chur san áireamh, d'fhéadfadh méadú teacht ar an ranníocaíocht bhallraíochta ón Aontas, ranníocaíocht a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná na méideanna atá curtha in áirithe don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair sa chlársceidealú airgeadais atá ann faoi láthair. Cé go meastar go dtiocfaidh méadú thart ar 34 % ar ranníocaíocht an Aontais leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, ní dhéantar foráil sa chlárú airgeadais ach do mhéadú bliantúil 2 %. Ina theannta sin, beidh gá le costais costais tionscanta le haghaidh bunachair sonraí is infheidhme le linn na chéad bhliana de chur chun feidhme an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair méadaithe. Cuirtear meastachán mionsonraithe ar fáil i Roinn 3.

2 https://enlargement.ec.europa.eu/enlargement-policy/growth-plan-western-balkans_en?prefLang=ga.
3 https://enlargement.ec.europa.eu/proposal-council-implementing-decision-approval-assessment-ukraine-plan_en?prefLang=ga
4 https://enlargement.ec.europa.eu/growth-plan-moldova-commission-proposal_en?prefLang=ga

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Ní fios fós cén uair go beacht a bheidh gá le cistí breise mar gheall ar fhad dothuartha agus toradh na caibidlíochta. I gcás theacht i bhfeidhm an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair athbhreithnithe faoi thús 2027, ba cheart an ranníocaíocht le Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair méadaithe a mhaoiniú go príomha, thar an méid dá bhforáiltear sa chlárú airgeadais, trí chistí nár caitheadh ó ranníocaíocht an Aontais le buiséad reatha an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (2026) a úsáid.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

☑ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cur chun feidhme le tréimhse tosaigh tar éis shíniú an Athbhreithnithe ar an gConradh, rud atá beartaithe ó thús 2027,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[5]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☑ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

Nótaí

Curtha chur chun feidhme ag Buanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair

[5] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Cuirtear de chúram ar Chomhairle Aireachta an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, a thagann le chéile go bliantúil, athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Chonartha. Ina theannta sin, tagann an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le chéile ar a laghad dhá uair sa bhliain le hionadaithe ó gach páirtí conarthach de chuid an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus tá sé de chúram air athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú ginearálta an Chonradh. Ar deireadh, ullmhaíonn Buanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair tuarascálacha oibríochtúla bliantúla agus tuarascálacha ar an ailíniú leis an *acquis*, ar chur chun feidhme an Ghréasán Thras-Eorpaigh Iompair (TEN-T) i bPáirtithe Oirdheisceart na hEorpa agus ar fhorghníomhú an bhuiséid. Formhuiníonn an Chomhairle Aireachta nó an Coiste Stiúrtha Réigiúnach na tuarascálacha sin. Coinneofar na struchtúir sin a chuirtear ar bun leis an gConradh ar mhaithe le faireachán a dhéanfar amach anseo.

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Tá buiséad an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair á chur chun feidhme ag Buanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair ó tháinig an Conradh i bhfeidhm in 2019. Is í Buanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair is fearr atá in ann leanúint de ghníomhaíochtaí an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair a dhéanamh, ós rud é go bhfuil eolas áitiúil aici, go bhfuil gréasán áitiúil aici, agus gur féidir léi tairbhe a bhaint as an iliomad blianta taithí a fuarthas tríd an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair atá ann cheana.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

An príomhriosca a sainaithníodh i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid atá beartaithe le haghaidh an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, baineann sé leis an úsáid neamhéifeachtach a d'fhéadfaí a bhaint as an mbuiséad sin chun na gníomhaíochtaí tacaíochta do Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa a chistiú, gníomhaíochtaí a chuireann comhtháthú de réir a chéile margaí agus líonraí iompair chun cinn. Tá na bearta chun an riosca sin a mhaolú i bhfeidhm cheana féin sa Chonradh atá ann cheana, agus baineann siad le tuarascálacha oibríochtúla bliantúla a ullmhú, tuarascálacha a ullmhú ar ailíniú an *acquis*, ar chur chun feidhme an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair (TEN-T) i bPáirtithe Oirdheisceart na hEorpa, agus ar fhorghníomhú an bhuiséid. Ní mór na tuarascálacha sin a bheith formhuinithe ag Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair.

2.2.3. Measachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)

Tá freagracht iomlán ar an mBuanrúnaíocht as a mbuiséad a chur chun feidhme, agus tá AS MOVE freagrach as na ranníocaíochtaí a shuíonn an Údarás Buiséadach a íoc go tráthrialta. Tá an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta cosúil leis an leibhéal a ghabhann leis na fóirdheontais bhuiséid a sholáthraítear d'eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

Na cúraimí breise a eascraíonn as an athbhreithniú atá beartaithe, ní mheastar go gcruthófar rialuithe sonracha breise leo. Dá bhrí sin, tá coinne leis go bhfanfaidh an costas rialaithe do AS MOVE (a ndearnadh tomhas air in aghaidh luach na gcistí bainistithe) seasmhach.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Leis na rialacha airgeadais agus na nósanna imeachta iniúchóireachta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, arna nglacadh ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach, bunaítear an nós imeachta um chur chun feidhme bhuiséad an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus an nós imeachta um thíolacadh agus iniúchadh cuntas i gcomhréir le hAirteagal 35 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair. De réir na rialacha airgeadais agus na nósanna imeachta iniúchóireachta sin, go háirithe Airteagal 61 agus Airteagal 62, gach bliain, bunóidh an t-oifigeach cuntasaíochta cuntais na bliana roimhe sin. Déanfaidh Stiúrthóir Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair na cuntais sin a bhailíochtú. Déanfaidh iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, atá le hainmniú ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach, iniúchadh bliantúil ar an gComhphobal Iompair. Bíonn téarmaí seirbhíse na n-iniúchóirí seachtracha in-athnuaite gach bliain, mura sonraíonn an Coiste Stiúrtha Réigiúnach a mhalairt. Cuirfidh na hiniúchóirí seachtracha tuarascáil faoi bhráid an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh, chomh maith leis an ráiteas sócmhainní agus dliteanas agus na cuntais dheimhnithe, tráth nach déanaí ná ocht mí ó dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN[6]	ó thíortha de chuid CSTE[7]	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[8]	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
06	14.20.03.06 – Eagraíochtaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta	~~LD/~~LN	NÍ HEA	IS EA	NÍ HEA	NÍ HEA

6 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

7 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

8 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	06 An Chomharsanacht agus an Domhan

AS: MOVE[9]			Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021-2027**
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1a)				1,008	**1,008**
	Íocaíochtaí	(2a)				1,008	**1,008**
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)					**0,000**
	Íocaíochtaí	(2b)					**0,000**
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[10]							
Líne bhuiséid		(3)					**0,000**
IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair	Gealltanais	=1a+1b+3	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**1,008**	**1,008**
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**1,008**	**1,008**

	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021-2027**

9 An buiséad arna thras-tharmligean ó AS INTPA

10 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	0,000	1,008	**1,008**
	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	0,000	1,008	**1,008**
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 6	Gealltanais	=4+6	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**1,008**	**1,008**
den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	=5+6	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**1,008**	**1,008**

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021-2027**
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7	Gealltanais	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**1,008**	**1,008**
den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**1,008**	**1,008**

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (ná líonadh gníomhaireachtaí díláraithe é seo isteach)

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩			Bliain **2024**		Bliain **2025**		Bliain **2026**		Bliain **2027**		Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6)						**IOMLÁN**	
	ASCHUIR																	
	Saghas[11]	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán

[11] Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[12]…																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
IOMLÁIN																		

[12] Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. ‘Cuspóirí sonracha...’

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha

IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF	Bliain **2024**	Bliain **2025**	Bliain **2026**	Bliain **2027**	**IOMLÁN CAI 2021 - 2027**
CEANNTEIDEAL 7					
Caiteachas TF (corparáideach)	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**
Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7					
Caiteachas beartais TF i dtaca le cláir oibríochtúla	0,000	0,000	0,000	0,000	**0,000**
Fo-iomlánlasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**
IOMLÁN	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**	**0,000**

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Ní fios fós cén uair go beacht a bheidh gá le cistí breise mar gheall ar fhad dothuartha agus toradh na caibidlíochta. I gcás theacht i bhfeidhm an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair athbhreithnithe faoi thús 2027, ba cheart atreisiú líne 14 20 03 06 a mhaoiniú go príomha, thar an méid dá bhforáiltear sa chlárú airgeadais, trí chistí nár caitheadh ó ranníocaíocht an Aontais le buiséad reatha an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (2026) a úsáid. Tá aon chistiú breise faoi réir infhaighteachta a chinnteofar trí nós imeachta Dhréachtbhuiséad 2027.

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI.

3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déanann sé foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☐ ar ioncam eile

– ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

4. GNÉITHE DIGITEACHA

4.1. Ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach

Baineann an tionscnamh beartais leis an athbhreithniú ar an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair atá ann cheana. Is í Buanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair atá freagrach as an gConradh seo a chur chun feidhme, mar aon le haon mhodh digiteach chun a chur chun feidhme a fheabhsú. Dá bhrí sin, meastar nach bhfuil aon cheanglas maidir le hábharthacht dhigiteach don Choimisiún ag baint leis an tionscnamh.